# Smaointe Deoraí

17 Sráid a' Ċáisleáin,
Gort a' Ċoirce,
Beann Ċór,
An Ḃreatain Ḃeag Tuaiḋ,

A Eagartóir ḋílis,

Ṫaiteann go mór liom foclaí an Aṫara Mic Duiḃir, leaṫ. a h-aon. AMÁRAĊ 9-4-65.

Creideas féin i gcoṁnaiḋe go mbaḋ ċeart dúinn ċreideaṁ ionainn féin, an rud atá le déanaṁ do ḋéanaṁ dúinn féin gan a ḃeiṫ ag braiṫ ar an Rialtas nó ar dream nó ar eagras ar biṫ eile a ḋéanaṁ ar ár son.

Is léir do ċáċ um a dtaca so naċ ḃfuiġe na Gaeltaċtaí mórán caḃarṫa airgeadais ón Rialtais agus gur cuma, cibé an Páirtí a mbéiḋ go reaċtáil i gceannas, leis na polaiticeoirí cúrsa na "haṫḃeoċainte."

Tá an Cásc ṫart anois. Naoi mbliain is dáiċead ó ṡoin, i bPríoṁ-Ċaṫair ár dtíre, d'éiriġ buiḋeann calma fear óg na hÉireann amaċ i gcoinniḃ na Sasanaċ, na Ḃéarla agus an Ḃéarlaċais. Naoi mbliain is daiċead ó ṡoin toisiġeaḋ aiṫḃeoċaint ar ṫír-ġrá na nGaeḋeal. Ar an suim a cuireaḋ ar an teangaiḋ, ar stair na hÉireann agus ar aċan rud Gaeḋealaċ. Ba ġearr nó go raiḃ ranganna Gaeilge ag fás suas ar fud na tíre go léir agus aċan mac máṫara is 'níon aṫara go gnóṫaċ ag foġlaim teangan a sinsear. Ní aṁáin sin aċ ḃí lán úsáid dá ḃaint as gaċ focal Gaeilg ċoṁ luaṫ 's a ḃí sé foġlamṫa aca. As san amaċ go 1922 nuair a ṫáiniġ an 'Sós' agus an 'Cáṫ Caṫarḋa' ḃí na daoine uiliġ i ndáiríriḃ faoi dtaoḃ den Gaeilg aċ meaṫ a suim inte indiaiḋ sin sa taoiḃ tíre sin mar a raḃ coṁnaiḋe ar a' mac so an uair sin ar a laġad.

Ċa raḃ mise inann freastal ar aon des na ranganaiḃ Gaeilge a d'éiriġ suas ċoṁ flúirseaċ san ar fud na tíre (ḃíoḋ rang i ngaċ ré scoil náisiúnta, beagnaċ) aċ ar feaḋ cúpla nó trí mí sa ġeiṁreaḋ 1917-18. Roiṁe sin fuaireas roinnt ceaċt i Scoil na mḂráṫair Críostaiḋe i mbaile mo ḃreiṫe fríd an "Móḋ Díreaċ" aċ ba ḃeag ar ḟoġlamas ua san. B'ḟearr liom an córas a ḃíoḋ in úsáid sa rang oíċe, an "Móḋa na Ráiḋte." Faoin móḋ so d'ḟoġlamóċaḋ duine na h-abairtí coṁráiḋte a ḃéaḋ úsáideaċ do n-a ḃeaṫaḋ laeṫeaṁail, abairtí mar:

"Go mbeannaiġ Dia ḋuit."

"Dia's Muire ḋuit."

"Goiḋé mar tá tú?" (Cionnas taoi?).

"Tá mé go maiṫ, go raḃ maiṫ agat," agus a lán eile.

Nuair a fuaireas naċ mbéinn inann freastal ar rang Gaeilge rinneas suas m'intinn go gceannóċainn. dá mb'ḟéidir, leaḃartaí Gaeilge n-a mbeaḋ ceaċta a b'ḟeileaṁnaċ do ṫosnuiġṫeoir. Fuaireas ceiṫre leaḃar ar cuireaḋ i n-eagar ag an tAṫair Eoġan Ó Gramnaiġ. Páipéar boċt is cló ḃoċt a ḃí ionnta san. Rud beag níos muille ċeannuiġeas ceiṫre leaḃar eile ullṁuiġṫe, ċoṁ fada 's is cuiṁin liom, ag fear darḃ ainm Craiġ. Canúint Ulaiḋ a ḃí ionnta san agus ċuas ar aġaiḋ, am' aonar, ag foġlaim na Gaeilge aċ ḃíoḋ an oiread san oibre eile le déanaṁ agam le na linn sin naċ mbíoḋ mórán seans agam mórán dul-ċun-cinn do ḋéanaṁ.

Um a dtaca céadna ċeannuiġeas leaḃairín eile, "Scéaltaí Goiriḋe Geiṁriḋe" le hEnrí Ó Muireasa. Go nuige seo cuiṁniġim an ċéad scéal as an leaḃar san, "An Fear Eaglaċ." As an leaḃar san d'ḟoġlamas cionnas an Ġaeḋilg do léiġeaṁ. Aċar fada 'n-a ḋiaiḋ fuaireas "Mo Scéal Féin". leis an tAṫair (níos muille, Canónaċ) Peadar Ua Laoġaire agus leaḃartaí eile leis an údar ċéanna "An Cleasaiḋe," "Séadna" agus "An Craos Deaṁan." Ó ṡoin i leiṫ do léiġeas a lán leaḃar Gaeilge eile agus le déiḋeannaiġ ṫoisiġeas ag scríoḃaḋ as Ġaeilg. Nílim cinnteaċ an dtiocfaḋ leis an léiġṫeoir a scríoḃann do léiġeaṁ.

'Sí an ṗoinnte atá ḋá ḋéanaṁ agam naċ raḃas riaṁ sa Ġaeltaċt agus is cóir-a-ḃeiṫ ceart do rá naċ raḃ múinteoir Gaeilge agam aċ tá roinnt ṁaiṫ de ṫeangaḋ mo ṡinnsear gíoḋ gurḃ Ḃéarla teanga mo ṫeallaiġ féin agus na ndaoine a ṁaireaḋ timċeall orm agus mé ag fás suas.

Anois ní ḋéarfainn go ḃfuil an Ġaeilg agam mar ṫeanga ḃeo, aċ, mar a dúraḋ liom fadó, nuair a ḃíoṫas ag iarraiḋ na teangan d'aiṫḃeoċaint. i gcaiṫeaṁ aimsire na dtrioblóid, "Is fearr Gaeilg ḃriste ná'n Ḃéarla is cruinne."

Ní dóċa go n-aontóċaḋ na nglanaiḋe (purists?) leis seo aċ an laḃranns gaċ aon Ġaeilgeoir ar fud na nGaeltaċt go léir Gaeilg cruinn beaċt ḃinn ḃlasta ó ṫaoiḃ gaċ riaġail ġramadaiġ? An dtugann sé an ḟuaim ċeart d'aċan ḟocal?

'Sé nós a' lae indiu litriuġaḋ na bfocal d'aṫruġaḋ 'd'simpliuġaḋ' (?) mar a deirtear, agus tá an nós so le feiceáil i bpáipéaraiḃ na Gaeltaċta féin. Is cosaṁail go ḃfuil an lám-in-uaċtar ag "Gaeilge Ḃlá' Cliaṫ" sa deire.

Rud eile a ḟeicim ar na páipéaraiḃ Gaeilge (nó ar ċuid aca) ná úsáid do ḃaint a' foclaiḃ naċ foclaí fíor-Ġaeilge iad, mar a luaḋas roiṁ-ré. Tá an rud céadna le fáil i gCymraeg ċoṁ maiṫ.

Tá a' ḟios agam go dtaganns a lán focal coiṁtiġeaċ isteaċ in aċan teanga ó am go ham agus naċ droċ-rud é aċ ní ċreidim gur rud ṁaiṫ don Ġaeilg an focal briste Ḃéarla do ċur i n-ionad an ḟocail Ġaeilge.

Ċun na Gaeilge d'aiṫḃeoċaint agus do ṫaḃairt arais mar ġnáṫṫeanga ár dtíre mura dtaganns an spreagaḋ ós na daoiniḃ féin buḋ ḃeag gar a ḃeiṫ ag braiṫ ar an Rialtas nó ar ḋream ċeannais eile.

Tcítear don ṁac so go ḃfuil an-iomarca cumann beag ann agus furṁór aca ag obair i gcoinniḃ a gcéile nó, ar a laġad, ag obair go neaṁspleaḋaċ dá gcéile. An rud atá riaċtanaċ sa ċéad ásg ná mór-aontuġaḋ na h-aicmí seo ionnas go mbeiḋ aon-ġuṫ aca siúd atá i ndáiríriḃ an teanga náisiúnta do ċur arais 'na h-áit ċeart i saoġal na tíre.

In aontaċt láidreaċt.

Mise le meas, agus le gaċ deaġ-guiḋe.

**Pádraig Mac Ceannaiġ.**

### Taoide Barrlán

**Figiúirí fé 12 ar maidin; os cionn 12 tráthnóna.**

| Dáta | Ard Na Caithne | | Carna | | Ára Mhór | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1-5-65 | 6.41 | 19.02 | 5.58 | 18.19 | 4.55 | 17.13 |
| 2 | 7.18 | 19.37 | 6.35 | 18.54 | 5.34 | 17.52 |
| 3 | 7.56 | 20.15 | 7.15 | 19.33 | 6.14 | 18.33 |
| 4 | 8.38 | 20.57 | 7.55 | 20.14 | 6.54 | 19.15 |
| 5 | 9.25 | 21.43 | 8.42 | 21.00 | 7.37 | 20.00 |
| 6 | 10.18 | 22.38 | 9.35 | 21.55 | 8.23 | 20.52 |
| 7 | 11.22 | 23.43 | 10.39 | 23.00 | 9.18 | 21.51 |

# Gleannḃarr

**Ag cruinniú de ċoiste Coláiste** Loċ Súilí ar an tSaṫarn seo caite. Ḃí na baill seo i láṫair:— Éamon Mac Giolla Pádraig, O.S., Rúnaí; Pádraig S. Ó Gallċoḃair, B.Sc., O.S., Cisteoir; Pádraig Mac Aoḋa, O.S.. Peadar Ó Gallċoḃair, B.A. Rinneaḋ coṁġairdeas le Cionait Mac Suiḃne, B.A., Caṫaoirleaċ an Ċoiste, mar ġeall ar a toġaḋ mar Cigire Scoile. Cé go raiḃ lúċair ortu fá'n onóir a ḃronnaḋ air ċrotnóḋ siad é go mór mar ċaṫaoirleaċ agus mar ḃall den ḟoirinn teagaisc. Guí siad raṫ Dé air ins an obair mórṫaḃaċtaiġ a ḃéas idir láṁa aige ó seo amaċ. Rinneaḋ cuid mór ceisteanna a ṡocrú fá gnoiṫeaċ coláiste an tsaṁraiḋ seo ċugainn, cuir i gcás toiġṫe lóistín. an méid lóisteoirí a ḃeaḋ i ngaċ teaċ loistín, fad na gcúrsaí agus an méid macléinn a ḃéas ag aċan ċúrsa. Tá na háiteaċa beagnaċ uiliġ líonta do ṁí Iúl agus dalta ar biṫ atá ag braṫ a ṫeaċt i mí Lúnasa ba ċóir do iarratas a ċuir ċuiġ an Rúnaí laiṫreaċ. Béiḋ an ċéad cruinniú eile i mí na Bealtaine.

**Tá'n toġaċán mór ṫart agus** leoga féin níor tóg sé mórán ċlampair fá'n áit seo. Do réir cosúlaċta fuair an tUasal Ó Bléine an ċuid a ba mó ar fad de ḃótaí an ċeantair seo. Ní ċúis iontais sin óir duine ar biṫ san áit a ḃí ag iarraiḋ oibre le cúpla bliain anuas ḃí sin le fáil aige gan trioblóid.

**Ag an Aifreann ar Diardaoin** Ċoirp Ċríost agus arís ar Aoine Ċeasta agus ag Aifreann an Ṁeánoíċe Dé Saṫairn ḃí teaċ pobail Raṫ Ṁaoláin, plúdaiġṫe le daoine agus bunus dá raiḃ i láṫair ag gaċ Aifreann ċuiġ Comaoineaċ Naofa. Duine ar biṫ a ṡílfeaḋ go raiḃ an Creideaṁ ag éirí lag in Éirinn dá mbeaḋ sé i láṫair ag ceann ar biṫ de na hAifrinn ag deireaḋ na seaċtaine ċífeaḋ sé go raiḃ iarraiḋ mór déanta aige.

**Ní ḟaċtas an oiread cuairteoirí** ariaṁ fá'n áit seo agus a ḃí ann fá'n Ċáisc agus riṫ na seaċtaine indiaiḋ na Cásca. Ḃí aċan teaċ aíoċta i Raṫ Ṁaoláin, ar an Ċeaṫraṁain Ċaoil agus i bPort an tSálainn lán. Ḃí an teaċ ósta ar an Port a' tSálainn ċoṁ lán sin gur b'éigean áiteaċa codlata a ċuir ar fáil do ċuid de na turasóirí i dtiġṫe príoḃáideaċa ṫart coṁgaraċ don ostlann. Ṫug céadtaí de na turasóirí cuairt ar an ḃealaċ mór nua. "Miġe an uaigneas" ag Ceann an Ċnoic. Tá tarraingt íontaċ ar an ḃealaċ mór seo ċeanaféin cé na ḃfuil sé baoġal ar biṫ crioċnaiġṫe go fóill. Nuair atá sin aṁlaiḋ anois caidé mar ḃéas an scéal nuair a ċuirfear an dlaoi mullaiġ ar an obair.

Idir ġaoiṫ ṁóir, cloċa sneaċta, flicsneaċta agus fearṫainn, ḃí aimsir éagsúil ar fad againn ar an Doṁnaċ Cásca agus ar na cúpla lá roiṁré aċ ḃí na céad trí lá de Ṡeaċtain na Cásca go h-an ṁaiṫ, ciúin agus socair cé go raiḃ siad rud beag fuar. Ċoinniġ an droċ aimsir ar feaḋ an Earraiġ an obair ar an talaṁ ar gcúl go mór aċ tá bunus an ċoirce cuirṫe anois agus cor ḋuine i gcionn na bpréataí.

Tá an t-ollcartaire arais ar an ḃealaċ mór nua ag Cionn an Ċnuic arís agus béiḋ an obair faoi lán tseol gan ṁoill. Táṫar ag dréim go mbéiḋ an bealaċ mór seo réiḋ le foscailt roiṁ deireaḋ an tsaṁraiḋ seo ċugainn.

### Duaiseanna Maiṫe

Ċuir an scéala a ḃí againn tamall ó ṡin faoi an Fóras Cultúr Gaeil Ṁeiriceánaċ agus na duaiseanna maiṫe atá dá dtairiscint acu do scríbinní i nGaeilge, áṫas ar scríḃneoirí ar fud na hÉirinn. Tá pobal na Gaeltaċta, agus daoine a scríoḃas dóiḃ ana ṡásta, aċ, go h-áiṫrid go ḃfuil Máiréad Nic Donnċaḋa ar an gcoiste. Mar is féidir leo a ḃeiṫ cinnte anois go ḃfáiġ an Ġaeilge ḃeo coṫrom na féinne.

An ḃliain seo ċugainn, cuiṁniú 50 bliain 1916, a ḃeiḋ na céad duaiseanna bronnta. agus foilseófar an dáta iontrála gan mórán moille.

# Ciaró Radió

**Dé hAoine**—5.1, Children Singing 5.30, Larry Lynch and the Leprechaun. 5.45, Gardens Through The Ages. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na hAoine. 6.20, Announcements. 6.25, Focal on Dochtuir. 6.45, Sports Stadium. 7.30, Terry Awhile. 8.1, Irish Dance Music. 8.15, A Munster Journal. 8.45, Tuilleadh Sleachta As Mo Sceal. 9.1, Symphony Concert. 10.30, Around the Town.

**Dé Sathairn** — 3.25, Rugby:— Music For Young Listeners. 5.15, Leinster Cup Final. 5.1, Piano Junior Sports Magazine. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an tSathairn. 6.20, Announcements. 6.45, Who's News? 7.15, A Piper's Choice. 7.45, Suil Siar. 8.1, Dear Sir or Madam. 8.30, Not So Green. 9.1, Light Music Week. 10.30, Ceili House. 11.0, Hopes for the Revival.

**Dé Domhnaigh**—10.30, Mass. 11.15, Signpost and Records. 11.30, Church of Ireland Service of Morning Prayer. 12.30, Summer Is A-Coming In. 1.0, Not So Green. 1.35, Provincial News Round-up. 2.0, Meet the Clans. 2.45, An Coiciosan. 3.15, Ceolta Tire. 3.25, G.A.A. National Hurling League Semi-final: Kilkenny v. Wexford. 4.50, Ceol Do Phaisti. 5.30, Down the Country. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht Anall, Nuacht Abhfus. 6.25, Appeal. 6.40, Sports Time. 7.10, An Sagart Linn. 7.15, Anything Goes. 8.0, W. B. Yeats Centenary Productions. 9.10, Ataid ar Muintir Saidhbhir. 9.30, Public and Private Faces. 10.0, Newspoint. 10.20, News. 10.35, Music of the Nation. 11.05, Light Music Week.

**Dé Luan**—5.1, Out of Doors. 5.15, Around the World on Records. 5.30, The Good Man. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an Luain. 6.20, Announcements. 6.45, Ireland's Top Ten. 7.15, Requests from the Irish Troops Overseas. **Athlone Wavelength:** 7.30, What Are They Talking About? 8.1, Light Music Week. 8.30, Knowing Winston Churchill. 8.45, The Artist's Son. 9.1, Aeriris. 9.30, Field and Farmhouse. **Dublin & Cork Wavelengths:** 7.30, Opera: The Gypsy Baron. 9.50, Chopin. **All Wavelengths:** 10.00, Nuacht. 10.15, News. 10.30, Late, But Light. 10.45, City Newsreel.

**Dé Mart** — 5.1, Ceol Rince. 5.15, How the Little Black Engine Saved the Cows. 5.30, Ar Fud na Tire. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Mairte. 6.20, Announcements; Report on Attested Store Cattle Sales. 6.45, A Job of Journeywork. 7.15, This Is Your Business. 7.45, The Radio Eireann Singers. 8.1, Riverside Serenade. 8.30, Ni Aithnionn Einne Agaibh Me. 9.1, Light Music Week. 10.30, Today in the Dail. 10.45, Requests from Overseas.

**Dé Ceadaoin**—5.1, Odger and Coogle. 5.15, Finnegan Picks the Music. 5.30, Junior Magazine. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Ceadaoine. 6.20, Announcements; Cattle Market Report. 6.45, Town Hall To-night. 7.30, Favourite Records of Famous People. 8.1, Gardening Magazine. 8.30, Farmers' Forum. 9.1, The Radio Eireann String Quartet. 9.45, Guth Aduaidh. 10.30, Today in the Dail. 10.45, Came the Dawn. 11.0, Pop Call.

**Deardaoin** — 5.01, Gang Lu Schan. 5.30, The Unexpected Happens. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Deardaoine. 6.20, Announcements. 6.25, Here's the Doctor. 6.45, What Are They Talking About? 7.15, Annso Is Annsud Sa Mhumhain. 7.30, The Gasman Cometh. 8.1, Light Music Week. 8.30, Between Ourselves. 9.1, The Blast. 9.15, Masters and Moderns. 9.45, Na hUdair Fein Ag Caint. 10.30, Today in the Dail. 10.45, Recital.

### An Sagart

Eagrán cumasaċ ar fad isea eagrán an Earraiġ de "An Sagart." Séard atá ann beagnaċ ó ṫús go deireaḋ nó aistriú a rinneaḋ an tAṫair Pádraic Ó Fiannaċta, ar an ḃunreaċt de Sacra Liturgia. Líonann an t-aistriú seo breis agus fiċe leaṫnaċ den eagrán seo, agus is dóiġe linn go ḃfuil sé dá ḟoillsiú anois i nGaeilge. sula ḃfaca muiḋne ar aon ċuma, foilsiṫe i mḂéarla é. Tá traċtaireaċt ar an mḂunreaċt ag an Aṫair Pádraic Ó Maoldún, D.D., insan eagrán ċoṁ maiṫ. I nóta ann, deirtear go ḃfuil aistriúċáin Gaeilge den ḃunreaċt De Ecclesia, agus tráċtaireaċt air sa Press anois dá ċlóḃualaḋ.

Is breá an obair atá ar siúl ag na Sagairt dílse seo, ag déanaṁ ár gceangal díreaċ leis an Laidin níos tapúla ná a níṫear an t-aistriú go Béarla.

Tá "An Sagart" ag biseaḋ ó eagrán go h-éagrán, agus ní féidir le duine léannta eolasaċ ar biṫ, in Éirinn, a ḃeiṫ é san am i láṫair. Gur fada buan é.

### Naoṁ Bréanán

Ar ċuaiġ Naoṁ Bréanán go Meiriceá?

Bréanán an Máirnéalaċ a tugtar air i scéalta na hÉireann, agus is iomaḋ sin scéal adeir gur imiġ sé siar mórán uaireannta, agus uair aṁáin díoḃa gur ċuaiġ sé ċoṁ fada le talaṁ úr ar an taoḃ ṫiar den ḟarraige mór. Gur ċaiṫ sé féin agus a ċuid Manaċ tréiṁse ansin, aċ, gur noċt Dia díoḃa naċ raiḃ an t-am tagaiṫe fós leis an tír seo do ṫaḃairt ċun an Ċreidiṁ, agus gur ḟág sé féin agus na Manaiġ an tír nua, agus gur ḟill siad arais go hÉirinn.

Cibé ar biṫ, tá Meiriceánaċ aṁáin a ċreideann an scéal seo, agus anois, tá sé ċun an aistir do ḋéanaṁ ón taoḃ eile. Máirnéalaċ é, Liam Ḃeiritiġ, as Florida. Fear 28 mbliain d'aois, agus tá sé ag braṫ teaċt ó Ḃéra Crús, Mecsicó, go hÉireann, ar ḃórd báid 12 troiġ, a tóg sé féin. Ċuala an tUasal Ḃeiriṫġ na scéala atá ag cine dúċas Ṁeicsicó adeir go dtáiniġ Eaċtránaí fionn ċucu, insan 6ú aois, cóiriṫe in éadaí duḃa, maisiṫe leis an Ċrois, agus go dtáiniġ siad i dtír in aice le Ḃéra Crús. Sean t-ainm a ḃeiḋ ar ḃád an Uasal Ḃeiritiġ, na "Monaloca", focal a ċiallíos daoine a laḃrann teanga eile, agus b'é seo an t-ainm a ṫug na Myans as Ṁeicsicó ar Eaċtránaí fionn a ṫáiniġ ċucu.

**Muintir na Gaeltachta a d'fhoillsigh. "Democrat", Tír Chonaill, Clóbhualadh.**